Cuntas Leithreasa 2025

Vóta 20

An Garda Síochána

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 20, ceanglaítear orm gach bliain an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus ar chostais an Gharda Síochána, lena n-áirítear pinsin, srl., chun costais áirithe finnéithe a íoc, agus chun deontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

- a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2025, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair caiteachais don bhliain, agus
- a chuirtear ar fáil do sheirbhísí soláthair chaipitil in 2025 as leithreasaí nár caitheadh in 2024, faoi na socruithe géillte iarchurtha a bhunaítear le halt 91 den Acht Airgeadais 2004.

Tá barrachas €9.541 milliún faoi dhliteanas géilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas an ráiteas ar bheartais agus ar phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6.

Socruithe rialachais

Chloígh An Garda Síochána le prionsabail ghinearálta an Chóid Chleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú, agus de réir fhoráil 2.6 den chód, cuirfidh an tOifigeach Cuntasaíochta tuarascáil chuimsitheach faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce gach bliain. Cuirfear tuarascáil bhliantúil an Gharda Síochána do 2025 faoi bhráid an Aire le linn 2026.

Bord an Gharda Síochána

Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce Bord an Gharda Síochána ar an 2 Aibreán 2025 tar éis don Acht Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail 2024 tosú. Cuirfidh an Bord feabhas ar rialachas inmheánach an Gharda Síochána agus tá sé freagrach don Aire as a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Níl aon ról ag an mBord maidir le cúrsaí póilíneachta oibríochtúla.

Bhunaigh Bord an Gharda Síochána Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ar an 14 Bealtaine 2025 de réir alt 74(1) den Acht Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail 2024. Tá triúr comhalta Boird agus ceathrar comhalta neamhspleácha ar an gcoiste lena n-áirítear Cathaoirleach de réir an Achta. Tagann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca le chéile gach ráithe agus tuairiscíonn sé don Bhord tar éis gach cruinnithe agus go foirmiúil i scríbhinn gach bliain.

An tÚdarás Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail

Foráiltear i gCuid 4 den Acht Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail 2024 do bhunú an Údaráis Póilíneachta agus Sábháilteachta Pobail (PCSA), mar aon le díscaoileadh an Údaráis Póilíneachta agus Chigireacht an Gharda Síochána. Cumascfeidhmeanna maoirseachta agus iniúchta an dá chomhlacht seo leis an PCSA nua. Neartaíonn agus comhdhlúthaíonn sé seo maoirseacht sheachtrach neamhspleách ar an nGarda Síochána.

Tá an tÚdarás freagrach as maoirseacht agus measúnú a dhéanamh ar bhealach neamhspleách trédhearcach ar fheidhmiú a fheidhme ag an nGarda Síochána maidir le seirbhísí póilíneachta chun tacú le soláthar éifeachtach agus feabhsú leanúnach seirbhísí den sórt sin ar mhaithe le sábháilteacht an phobail. Ceanglaítear air freisin an tAire a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí i ndáil le hábhair a bhaineann le seirbhísí póilíneachta agus moltaí a dhéanamh chun cabhrú leis an Aire beartas a chomhordú agus a fhorbairt ina leith sin.

Ráiteas ar bheartais agus ar phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin i gciorcláin 25 de 2025, i bhfeidhm chun an cuntas a ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeán Cuntasaíochta an Rialtais Láir (CGAS) a tugadh i bhfeidhm suas agus go dtí an 1 Eanáir 2025 san áireamh.

Caighdeáin chuntasaíochta an rialtais láir

Tá an CGAS bunaithe ar Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí (IPSAS). Tabharfaidh siad na Ráitis reatha ar Staid an Airgeadais (Bileoga Comhardaithe) na Ranna agus an Gharda Síochána i gcomhréir le noirm chuntasaíochta idirnáisiúnta agus cuirfidh siad le cáil ráitis airgeadais an Rialtais Láir le páirtithe leasmhara náisiúnta agus idirnáisiúnta araon. Tá An Garda Síochána ag glacadh le CGAS go gníomhach, ar bhonn céimnithe, de réir an treochláir a cheap Cuntasaíocht an Rialtais. Níor lorg An Garda Síochán aon mhaolú in 2025.

Talamh agus foirgnimh

Is leis an Aire ocht stáisiún Garda atá san áireamh i gcuntas leithreasaithe Oifig na nOibreacha Poiblí (Vóta 13).

Is le hOifig na nOibreacha Poiblí gach réadmhaoin eile a úsáideann an Garda Síochána, agus tá cuntas uirthi i gcuntas leithreasa na hOifige sin. Aistrítear togálacha nua a íocann an Vóta chuig Oifig na nOibreacha Poiblí nuair a chríochnaítear iad.

Ní fholaíonn an ráiteas costais oibriúcháin ag nóta 1 méid cíosa barúlach ríofa i leith réadmhaoine atá á n-áitiú ag an nGarda Síochána ach atá ar úinéireacht ag an Aire nó ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Mar thoradh air sin, ní léirítear costas eacnamaíoch iomlán na seirbhíse a chuirtear ar fáil don Gharda Síochána sa ráiteas costais oibriúcháin.

Fardal

Áirítear leis an bhfardal míreanna áirithe ard-toirte, ar luach íseal inchaite, i bhfianaise a nádúir agus an gá atá le monatóireacht agus slándáil.

Dímheas ar shócmhainní caipitiúla

Déantar dímheas reádmhaoine, fearais agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Is iad seo a leanas na saolréanna úsáideacha agus na rátaí gaolmhara dímheasa/amúchta do mhóraicmí sócmhainní caipitil.

Aicme sócmhainní	*Saolré úsáideach*	*Ráta dímheasa/ amúchta*
Aerárthach	20 bliain	5%
Báid	10 mbliana	10%
Feithiclí	4 bliana	25%
Ceadúnais bogearraí	5 bliana	20%
Bogearraí faighte/forbartha	5 bliana	20%

Ráiteas ar rialú airgeadais inmheánach

Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmhéanaigh

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, adhmhaím an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag An Garda Síochána.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus na n-oibleagáidí eile atá orm mar Choimisinéir an Gharda Síochána. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó neamhrialtachtaí a chosc nó a bhrath go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus coinnítear athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

Seirbhísí comhroinnte

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Garda Síochána agus Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le hacmhainní daonna agus seirbhísí comhroinnte párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigigh Chuntasaíochta na Roinne Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce agus ó Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí chun seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Gharda Síochána.

Timpeallacht rialaithe airgeadais

Timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a chinntiú.
- Bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt, Gnóthaí Baile agus Imirce *Bord an Gharda Síochána* an 2 Aibreán 2025 tar éis don Acht Póilíneachta, Slándála agus Sábháilteachta Pobail 2024 tosú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach a chomhlíonadh.
- Tá nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta

Tá creat nós imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear leis seo na heilimintí seo a leanas.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil, a choimeádann an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú.
- Déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí.
- Tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Gharda Síochána.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Tá treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní bainistithe tionscadail fhoirmeálta.

Iniúchadh inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an nGarda Síochána le pearsanara oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Tá a chuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a nochtar don Gharda Síochána agus tá a phleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánacha, arna gceadú i gcomhpháirt agamsa agus ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta ama. Déanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaigh. Táim sásta go bhfuil na nósanna imeachta seo i bhfeidhm lena chinntiú go leantar de na tuarascálacha ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh.

Soláthar

Cinntíonn an Garda Síochána go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas soláthair i mbronnadh na gconarthaí go léir agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Tá sonraí curtha ar fáil ag Garda Síochána faoi 145 chonradh neamhiomaíoch de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 chuig oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin. B'ionann an caiteachas iomlán ar earraí, ar sheirbhísí gairmiúla agus ar sheirbhísí ar conradh eile agus €303 milliún san iomlán in 2025.

Neamhchomhlíonadh le rialacha soláthair

Chomhlíon Garda Síochána na treoirlínte cé is moite de 69 conradh (de bhreis ar €25,000), arbh fhiú €13,046,069 (gan CBL san áireamh) in 2025 mar atá leagtha amach thíos:

- Bhain ocht gconradh ar luach €1,957,063 le seirbhísí saoráidí éagsúla a fuarthas gan próiseas iomaíoch. Déanfar athbhreithniú ar na seirbhísí sin agus é mar aidhm acu tairiscint a dhéanamh in 2026 agus conarthaí a chur i bhfeidhm nuair is gá.
- Bhain ceithre chás le luach €388,675 le seirbhísí lónadóireachta/imeachta a fuarthas gan próiseas iomaíoch. Déanfar athbhreithniú ar na seirbhísí sin agus é mar aidhm acu tairiscint a dhéanamh in 2026 agus conarthaí a chur i bhfeidhm nuair is gá.
- Bhain ocht gcás déag ar luach €3,503,271 le seirbhísí/trealamh TFC a fuarthas gan próiseas iomaíoch. Déanfar na míreanna seo a athbhreithniú agus a thairiscint in 2026 maidir le soláthar amach anseo.
- Bhain cúig chás déag le luach €5,445,521 le seirbhísí leighis a fuarthas gan próiseas iomaíoch. Déanfar athbhreithniú ar na seirbhísí sin agus é mar aidhm acu tairiscint a dhéanamh in 2026 agus conarthaí a chur i bhfeidhm nuair is gá.
- Bhain ceithre chonradh déag le luach €1,751,539 le ceannacháin éagsúla a fuarthas gan próiseas iomaíoch. Déanfar na míreanna seo a athbhreithniú agus a thairiscint in 2026 maidir le soláthar amach anseo.

Tá na nithe thuas curtha san áireamh sa tuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear faoin soláthar thuas.

Creat riosca agus rialaithe

Tá córas Bainistíochta Riosca Fiontair curtha i bhfeidhm ag An Garda Síochána a shainaithníonn agus a thuairiscíonn príomhrioscaí agus na bearta bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár riosca i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí atá roimh an nGarda Síochána agus sainaithníodh, measúnaíodh agus grádaíodh iad de réir a dtábhachta. Déanann an Coiste Riosca agus Beartais agus an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca athbhreithniú agus nuashonrú ar an gclár riosca ar bhonn rialta. Úsáidtear toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh lena chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go leibhéal inghlactha.

Sonraíonn an clár riosca na rialuithe agus na gníomhaíochtaí is gá chun rioscaí agus freagracht as oibriú rialuithe a shanntar d'fhoireann ar leith a mhaolú.

Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Fheidhmeannacht, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

Tá obair ar siúl chun teipeanna rialaithe a réiteach. Tugann an méid seo a leanas nuashonrú maidir leis na hábhair sin.

Clár cibearshlándála

Leanann Garda Síochána de chlár láidir slándála a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta, clár a leanann ar aghaidh ag cur feabhais ar staid slándála iomlán an Gharda Síochána. Tá sé seo dírithe ar ár riosca foriomlán a laghdú agus ailíniú le Caighdeáin Bhunlíne Cibearshlándála na hEarnála Poiblí a chinntiú. Is éard atá i gceist leis sin i gcónaí ná creataí rialachais agus riosca a chur chun feidhme agus ardteicneolaíochtaí slándála a thabhairt isteach chun clár slándála comhtháite agus dea-chomhordaithe a áirithiú.

Tá cur chuige ilchisealach curtha i bhfeidhm ag an gclár slándála chun rioscaí a mhaolú thar gach gné de theicneolaíocht na faisnéise agus na cumarsáide. Dírítear go leanúnach ar fheasacht cibearshlándála a ardú i measc phearsanra uile an Gharda Síochána, agus seoladh clár oiliúna ar fud na heagraíochta um Fheasacht ar Chibearshlándáil mar bhuaicphointe. Leanfaidh an Garda Síochána ar aghaidh ag cur lena chumas bagairtí cibearshlándála fíor-ama a aithint agus freagairt dóibh, agus é ag cinntiú go n-oiriúnóimid i gcomhréir leis an timpeallacht teicneolaíochta atá ag athrú.

Párolla an Gharda Síochána agus ró-íocaíochtaí pinsin

Is de thoradh fógraí déanacha faoi athruithe pá a bhaineann le neamhláithreacht de dheasca breoiteachta (lena n-áirítear tionchar na spriocdhátaí párolla luathaithe ag deireadh na bliana) is mó a tharlaíonn ró-íocaíochtaí ar thuarastail bhaill agus fhoireann an Gharda Síochána. Amhail deireadh na bliana 2025, comhaontaíodh pleananna aisghabhála i leith 80% de phearsanra an Gharda Síochána.

Is mar gheall ar phinsin a íoc roimh ré go príomha is cúis le ró-íocaíocht phinsin an Gharda Síochána, seachas mar gheall ar riaráistí faoi réir Ionstraim Reachtúil Phinsin 1925 (IR Uimh. 63/1925). Comhaontaíodh pleananna aisghabhála maidir le 5% de phinsin aitheanta an Gharda Síochána a bhfuil ró-íocaíocht déanta orthu.

Córas Bainistíochta Réadmhaoine agus Fianaise (PEMS)

Leanann An Garda Síochána de chóras éifeachtach bainistithe réadmhaoine agus fianaise a chur i bhfeidhm ar a dtugtar PEMS, ag tacú le cuntasacht chruinn as sócmhainní amhail airgead tirim, airm tine agus drugaí go dtí go gcríochnaítear imeachtaí dlíthiúla. Ní ag an nGarda Síochána atá úinéireacht na sócmhainní seo agus mar sin níl sé san áireamh sna cuntais. Tá an bhainistíocht tiomanta d'infheistíocht a dhéanamh i líonra PEMS, agus táthar ag súil go gcríochnófar saoráid nua PEMS Dhroichead Átha le linn 2026.

Baincéireacht

In 2023, chuir tionscadal Baincéireachta an Gharda Síochána tús le hathbhreithniú ar na cuntais bhainc uile laistigh den Gharda Síochána tar éis seoladh chuntais Bhanc Danske ar fud Rannáin uile an Gharda Síochána i gcomhréir le Samhail Oibriúcháin an Gharda Síochána. Ar an dáta sin bhí 94 cuntas bainc ann. Amhail deireadh na bliana 2025 tá an líon seo laghdaithe go 46 agus táthar ag súil le laghdú breise in 2026.

Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh

Glacfaidh Éire Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh ó Iúil go Nollaig 2026. Beidh clár fairsing cruinnithe agus imeachtaí i mBaile Átha Cliath agus ar fud na tíre i gceist leis seo, lena n-áirítear roinnt cruinnithe mullaigh móra. Tá sé de chúram ar an nGarda Síochána tacú le seachadadh sábháilte agus slán na hUachtaránachta. Tháinig méadú ar na hullmhúcháin le linn 2025, go háirithe sna réimsí oiliúna agus soláthair.

Athbhreithniú ar éifeachtúlacht

Tá nósanna imeachta ag an nGarda Síochána chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta bainistíochta agus rialaithe riosca. Tá monatóireacht agus athbhreithniú An Gharda Síochána ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar an mbainistíocht shinsearach laistigh den Gharda Síochána atá freagrach as forbairt agus coinneáil an chreata rialaithe airgeadais inmheánaigh.

Saincheisteanna rialaithe airgeadais inmheánacha

Éilimh taistil agus cothaithe

Rinne an Garda Síochána, le tacaíocht ó Sheirbhís Chomhairleach Airgeadais agus Cánach sheachtrach, anailís agus cainníochtú ar luach an dliteanais cánach stairiúil a bhaineann le héilimh T&S, agus rinne sé nochtadh cáilitheach deonach gan spreagadh do na Coimisinéirí Ioncaim i mí na Nollag 2023. Tá ábhair ag teacht chun cinn go leanúnach agus táthar ag súil go dtabharfar chun críche iad in 2026.

Fardal

In 2025, ghlac an Garda Síochána bearta chun aghaidh a thabhairt ar laigí aitheanta maidir le saincheisteanna stoic a eascraíonn as srianta acmhainní agus úsáid an chórais. Luaitear luach an fhardail sa ráiteas staid airgeadais glan ó CBL de réir chóras Oracle Seirbhíse Comhroinnte Airgeadais Chill Áirne, a ríomhann luach an stoic agus ní chinneann an Garda Síochána é seo. Éascóidh aistriú pleanáilte chuig Seirbhís Roinnte Bainistíochta Airgeadais an NSSO atá sceidealaithe anois do dheireadh mhí an Mheithimh 2027 athbhreithniú iomlán ar stocluachanna maidir le cóireálacha CBL.

Fáltais dleachta neamhphoiblí

Ullmhaíodh doiciméid treorach le linn 2025 chun sonraisc a chruthú agus chun fiacha a bhainistiú mar fhreagra ar bhearnaithe a aithníodh roimhe seo maidir le fáltais ó dhleacht neamhphoiblí. Leithdháileadh acmhainní breise ar bhainistiú fáltas dleachta neamhphoiblí le linn 2025 agus táthar ag súil go leanfar leis seo in 2026.

Fógraí Pionóis Muirear Seasta

In 2025 chuir an Garda Síochána fógraí pionóis muirir sheasta ar ceal. Mar thoradh ar chealú na bhfógraí seo cailleadh fáltais measta ag €445,600. Rinneadh conradh nua in 2025 lena n-áirítear foráil go bhféadfaí méid a choinneáil siar má theipeann ar an soláthraí seirbhíse na seirbhísí a sholáthar de réir théarmaí an chonartha.

Rialachas Inmheánach a Neartú

Dhear agus chuir an Garda Síochána Creat Rialaithe Inmheánach i bhfeidhm in 2021 mar a d'ordaigh an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca. In 2025, bunaíodh roinnt coistí maoirseachta rialachais inmheánaigh chun riosca a bhainistiú tuilleadh agus chun feabhsuithe leanúnacha a bhrú chun cinn.

Níor sainaithníodh aon bhearnú eile sa rialú airgeadais inmheánach i ndáil le 2025 a éilíonn nochtadh sa chuntas leithreasa.

JR Kelly
Oifigeach Cuntasaíochta
An Garda Síochána

24 Meán Fómhair 2026

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

Vóta 20 An Garda Síochána
Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 20 An Garda Síochána don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 20 An Garda Síochána don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

An bonn leis an tuairim

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar An Garda Síochána agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair

Tá sé curtha in iúl ag an Oifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoin rialú inmheánach airgeadais gur tharla leibhéal ábhartha de neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair i ndáil le conarthaí a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2025.

Fógraí pionóis um muirear seasta curtha ar ceal

Nocht an tOifigeach Cuntasaíochta sa ráiteas faoin rialú inmheánach airgeadais gur cealaíodh fógraí pionóis um muirear seasta dar luach €446,000 sa bhliain 2025 a d'eascair as dhá imeacht. Cealaíodh na pointí pionóis gaolmhara freisin. I gCaibidil 13 de mo *Thuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*, don bhliain 2025, tugtar sonraí breise faoi na cúinsí ba chúis le cealú na bhfógraí.

Seamus Mac Cárthaigh
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Meán Fómhair 2026

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

Tuairisciú ar ábhair eile

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

Vóta 20 An Garda Síochána

Cuntas Leithreasa 2025

			2025	2024
		Soláthar sna measatacháin	Toradh	Toradh
	€000	€000	€000	€000
Caiteachas cláir				
A Oibriú le pobail chun cosaint agus freastal				
Bunaidh	2,480,453			
Géilleadh iarchurtha	16,586			
Forlíontach	60,000			
		2,557,039	2,538,992	2,411,240
Ollchaiteachas		**2,557,039**	**2,538,992**	**2,411,240**
Lúide				
B **Leithreasaí i gcabhair**				
Bunaidh	113,500			
Forlíontach	39,576			
		153,076	**161,880**	**136,104**
Glanchaiteachas				
Bunaidh	2,366,953			
Géilleadh iarchurtha	16,586			
Forlíontach	20,424			
		2,403,963	**2,377,112**	**2,275,136**

Barrachas

Dlitear barrachas an mhéid a sholáthraítear thar an nglanmhéid a chuirtear i bhfeidhm a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar aon leithreasaí neamhchaite nó cuid díobh le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh an bhliain dár gcionn. Tugadh €17,310,000 de leithdháiltí nár caitheadh i leith na n-eilimintí caipitil A.12 ar aghaidh go dtí 2026.

	2025	2024
	€	€
Barrachas	26,850,558	29,053,919
Géilleadh iarchurtha	(17,310,000)	(16,586,000)
Barrachas le géilleadh	**9,540,558**	**12,467,919**

JR Kelly
Oifigeach Cuntasaíochta
An Garda Síochána

30 Márta 2026

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

Nóta 1 Ráiteas Costais Oibriúcháin 2025

		2025	2024
	€000	€000	€000
Costas cláir		679,647	640,418
Pá		1,556,749	1,498,470
Neamhphá		302,596	272,352
Ollchaiteachas		**2,538,992**	**2,411,240**
Lúide			
Leithreasaí i gcabhair		**161,880**	**136,104**
Glanchaiteachas		**2,377,112**	**2,275,136**
Athruithe i sócmhainní caipitil			
Réadmhaoin, fearas agus trealaimh (nóta 2.1)			
Ceannacháin	(61,350)		
Dímheas	22,196		
Caillteanas ar dhiúscairt	511		
Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)			
Ceannacháin	(851)		
Amúchadh	1,442		
		(38,052)	(18,344)
Athruithe ar ghlansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhardail	1,541		
Laghdú ar réamhíocaíochtaí	304		
Méadú in ioncam fabhraithe	(1,040)		
Méadú ar chostais fhabhraithe	73,762		
		74,567	77,231
Caiteachas vótáilte díreach		**2,413,627**	**2,334,023**
Caiteachas a thabhaíodh in áit eile			
Glanchaiteachas seirbhísí gaolmhara (nóta 1.1)		21,952	21,597
Glanchostas cláir		**2,435,579**	**2,355,620**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i nglanmhéid caiteachais seirbhísí gaolmhara na méideanna seo a leanas i ndáil le Vóta 20 a iompraítear in áit eile.

		2025 €000	2024 €000
Vóta 9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	21	21
Vóta 13	Oifig na nOibreacha Poiblí	22,092	21,470
Vóta 18	An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte	3,708	2,521
Vóta 24	Ceartas, Gnóthaí Baile agus Imirce – Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais [a]	3,035	2,836
Costas seirbhísí a chuirtear ar fáil do Vótaí eile		(6,904)	(5,251)
		21,952	**21,597**

Nóta [a] Tá costais na n-íocaíochtaí aoisliúntais a dhéantar le foireann shibhialtach san áireamh i Vóta 24 An Roinn Dlí agus Cirt agus ní thaifeadtar iad sa chuntas seo mar ghlanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara.

Seirbhísí eile

Comhoibríonn an Garda Síochána le seirbhísí eile ar bhealaí éagsúla a leagtar amach thíos. Ní léirítear na costais atá i gceist sa tábla.

- Cuireadh iompar an Gharda Síochána ar fáil mar thionlacan do phearsanra na Seirbhíse Príosúin a thug príosúnaigh chun na cúirte.
- Cuireadh iompar an Gharda Síochána ar fáil mar thionlacan d'ógánaigh Champas Leanaí Bhaile an Oibricigh.
- Thug Óglaigh na hÉireann cúnamh don Gharda Síochána chun ábhair phléascacha a dhiúscairt gan íocaíocht.
- Bhain pearsanra an Gharda leas as aerárthaí an Aerchóir le linn 2025 gan íocaíocht. Soláthraíodh tacaíocht ón Aerchór freisin gan táille maidir le hoibriú aerárthach sciathán seasta an Gharda Síochána agus costais phíolótacha héileacaptair an Gharda Síochána.

Nóta 2 Ráiteas ar Staid an Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €000	2024 €000
Sócmhainní seasta			
Réadmhaoin, fearas agus trealamh	2.1	136,792	106,139
Sócmhainní doláimhsithe	2.2	2,366	2,957
		139,158	**109,096**
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	57,590	53,470
Fardail	2.4	25,618	27,159
Réamhíocaíochtaí	2.5	32,162	32,467
Ioncam fabhraithe	2.6	7,131	6,091
Iarmhéideanna dochair eile	2.7	42,643	38,537
		165,144	**157,724**
Lúide			
Dliteanais reatha			
Costais fabhraithe	2.8	171,423	105,652
Iarmhéideanna sochair eile	2.9	80,343	68,009
Glanmhaoiniú Státchiste	2.10	19,890	23,998
		271,656	**197,659**
Glandliteanais reatha		**(106,512)**	**(39,935)**
Glansócmhainní		**32,646**	**69,161**
Arna léiriú ag:			
Cuntas maoiniúcháin an stáit	2.11	**32,646**	**69,161**

2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh

	Aerarthach agus báid	Feithiclí agus trealamh	Trealamh oifige agus TF	Troscán agus feistis	Sócmhainní á bhforbairt	Iomlán
	€000	€000	€000	€000	€000	€000
Costas nó luacháil [a]						
Amhail an 1 Eanáir 2025	17,453	128,789	98,703	4,036	44,532	293,513
Meideanna Breise	—	13,392	6,020	10	33,938	53,360
Diúscairtí	—	(8,625)	(3,952)	—	—	(12,577)
Amhail an 31 Nollaig 2025	17,453	133,556	100,771	4,046	78,470	334,296
Dímheas carntha						
Amhail an 1 Eanáir 2025	13,900	87,749	82,784	2,941	—	187,374
Dímheas don bhliain	547	15,527	5,902	220	—	22,196
Dímheas ar dhiúscairtí	—	(8,564)	(3,502)	—	—	(12,066)
Amhail an 31 Nollaig 2025	14,447	94,712	85,184	3,161	—	197,504
Glansócmhainní						
Amhail an 31 Nollaig 2025	**3,006**	**38,844**	**15,587**	**885**	**78,470**	**136,792**
Amhail an 31 Nollaig 2024	3,553	41,040	15,919	1,095	44,532	106,139

Nóta [a] Ní fholaíonn luach na méideanna breise in 2025 caiteachas caipitiúil arb ionann é agus €5.258 milliún san iomlán a tabhaíodh ar Chríochfort 7, Europort Ros Láir. Taifeadtar luach na sócmhainní gaolmhara mar bhreiseanna réadmhaoine, gléasra agus trealaimh i ráiteas ar staid an airgeadais Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí.

2.2 Sócmhainní doláimhsithe

	Bogearraí faighte agus forbartha	Iomlán
	€000	€000
Costas nó luacháil		
Amhail an 1 Eanáir 2025	91,318	91,318
Meideanna Breise	851	851
Amhail an 31 Nollaig 2025	92,169	92,169
Amúchadh carntha		
Amhail an 1 Eanáir 2025	88,361	88,361
Amúchadh don bhliain	1,442	1,442
Amhail an 31 Nollaig 2025	89,803	89,803
Glansócmhainní		
Amhail an 31 Nollaig 2025	**2,366**	**2,366**
Amhail an 31 Nollaig 2024	2,957	2,957

2.3 Banc agus airgead tirim

amhail an 31 Nollaig	2025	2024
	€000	€000
iarmhéideanna PMG	51,533	47,354
Iarmhéid cuntas bainc tráchtála [a]	6,057	6,116
	57,590	**53,470**

